# Nuachtlitir



## Scoil Naomh Ciarán

Fón: 095 33 613 Deireadh Fómhair 2021

A Chairde,

Tá súil agam bhfuil sibh ar fad ag coinneál go maith agus muid ag druidim ar Oíche Shamhna! Tá togha na hoibre ar siúl sna ranganna faoi láthair, agus tá muid an-bhródúil as an iarracht atá na gasúir ag déanamh.

**Scoil Dúnta**

Beidh an scoil ag dúnadh do shaoire na Samhna ag an gnáth am ar an Aoine, 22ú Deireadh Fómhair agus beidh muid ag oscailt arís ar An Luain, an 1ú Samhain. *School closes for Midterm Break at the usual times for all classes this Friday, 22nd October and reopens on Monday, 1st November.*

**Cruinnithe Tuistí**

Beidh na cruinnithe ar siúl ar an 9ú, 10ú agus 11ú Samhain tar éis a 3:00 i.n, le tuismitheoirí Ranganna Éabha & Cáit. Beidh siad ar siúl ar Zoom i mbliana agus cuirfear amach ríomhphost agaibh tar éis briseadh na Samhna le am/dáta. *Parent teacher meetings will take place over Zoom this year, on the 9th – 10th – 11th of November after 3:00 pm, with parents of Éabha & Cáit's classes. We will contact parents after midterm break with times/dates.*

**Cóisir na bPucaí Dé hAoine 22ú Deireadh Fómhair**

Tá sceitimíní orainn anseo i Scoil Naomh Ciarán! Beidh na páistí ag gléasadh suas d'Oíche Shamhna Dé hAoine. Bígí cruthaitheach! Níl cead mascanna a chaitheamh, de bharr go gcuireann siad faitíos ar ghasúir óga, ach tá cead péint éadain. Tá Coiste na dTuistí ag réiteach Goody Bags do pháistí na scoile, ár míle buíochas leo as cabhrú chun an ócáid speisialta seo a eagrú! Iarrtar €3 an páiste, nó €5 an clann a thabhairt isteach, ar mhaithe le Coiste na dTuismitheoirí. *We are so excited here in Scoil Naomh Ciarán! The children can get dressed up on Friday for Halloween. Be creative! Masks are not allowed, because they can scare infant children, however face paints are allowed. The Parents Council are preparing Goody Bags for our pupils, we would like to extend a huge thank you to all who have helped to organise a happy event for SNC. We ask a donation of €3 per child, or €5 per family for our Parents Council.*

**Dioscó Oíche Shamhna 31ú Deireadh Fómhair**

Tá Club Óige Chill Chiaráin ag eagrú dioscó mór na Samhna ar an 31ú Deireadh Fómhair, ón 3:00 – 5:00 i.n. Tá fáilte roimh pháistí atá 7 mbliana d'aois agus ós a chionn. Níl aon chostas i gceist. Is féidir gléasadh suas ar an lá agus is cinnte go mbeidh neart craic, spóirt agus spraoi ann!

**Oíche Shamhna**

Bíonn an-chraic agus spraoi againn Oíche Shamhna! Ná déan dearmad bheith fíor chúramach ar an oíche úd, beidh sé dorcha! Bíodh seaicéid hi-viz agus solas agaibh má tá sibh ag siúl sa dorchadas. Má tá peataí agaibh, coinnigh istigh sa teach iad mar is minic nach dtaithníonn torann ard leo.

**Polasaí Bia Folláin**

Tá an polasaí bia folláin le feiceáil ar suíomh idirlíon na scoile. Go raibh maith agaibh ar fad as na lóin dheasa folláine a chuireann sibh ar scoil le bhur bpáistí. Meabhrú gur scoil saor ó chnónna í SNC. Níl cead cnónna, nó saghas ar bith im cnónna. Go raibh maith agaibh as bhur dtacaíocht. *SNC's Healthy Eating Policy can be found on our schools' website. Thank you all for the healthy lunches provided for your children each day. A reminder that SNC is a nut free school. Nuts of all types are prohibited, along with all types of nut-butters. We thank you for your cooperation.*

**Instagram agus www.scoilnaomhciaran.com**

Ba mhaith linn obair na bpáistí agus pictiúirí dóibh i mbun oibre a fhoilsiú ar suíomh Instagram agus suíomh idirlíon na scoile. Líon amach an foirm toilithe atá leis an nuachtlitir seo ag thabhairt do chead/ag diúltú cead pictiúr do pháiste(í) a chur ar na meáin shóisialta/leictreonach/clóite. *We would like to update our school's social media, and publish photos of our classes at work along with photos of their art work/other subjects. Please fill the consent form attached to this newsletter and send back to the school with your child, outlining whether you consent/do not consent to the sharing of photographs on social/electronic or print media.*

**Spellings for Me**

Tá páistí Rang a 2, 3, 4, 5 ag tosú clár nua litriú Béarla tar éis na Samhna, ar a dtugtar *Spellings for Me*. Is clár iontach litriú é seo, a oibríonn ar leibhéal aonarach an pháiste. Baineann *Spellings for Me* úsáid as teicneolaíocht (ríomhaire) agus leabhar an pháiste. Beidh cuntas ag do pháiste agus pasfhocal. Tá sé seo ar fáil istigh i Leabhar oibre do pháiste. Beidh muid ag cleachtadh agus ag cur aithne ar an gclár i Mí na Samhna. Tógfaidh sé beagáinín ama ach is cinnte go mbeidh torthaí iontacha ar do pháistí na scoile. Féach an leathanach eolais istigh leis an Nuachtlitir seo.

*Children in Rang a 2, 3, 4, 5 will begin a new programme for English Spellings after the midterm break, called "Spellings For Me". This is a brilliant spellings programme which zones in on the individual child's spelling level. Spellings for Me will rely on the use of technology (laptop/tablet/phone) and the child's workbook. Each child will have their own individual profile and password, which will be monitored at school and home. This password can be found in the child's workbook. During the he month of November, we will spend time practicing and getting used to the programme. It will take time but it is sure to generate great results. Please see parental information sheet attached to this newsletter.*

Is féidir nóta na dtuismitheoirí a fheiceál anseo / *Parents guide to Spellings for Me can be found at this link:*

***https://www.spellingsforme.ie/resources/Parent%20Guide.pdf***

**Seachtain Eolaíochta**

Beidh Seachtain na hEolaíochta ar siúl ón 8ú -12ú Samhain. Beidh turgnaimh ar siúl againn ar scoil. Beidh muid ag iarraidh ar pháistí turgnaimh a fhiosrú sa bhaile le bhur gcabhair chomh maith agus beidh níos mó eolais faoi seo sna laethanta amach romhainn. Is cinnte go mbeidh an-spóirt againn! Ár míle buíochas le Máistreás Cáit atá ag eagrú na himeachtaí seo. ☺

**Seachtain Mata 16ú – 24ú Deireadh Fómhair**

Tá seachtain Mata ar siúl sa scoil faoi láthair. Tá go leor imeachtaí éagsúla ar siúl againn sa scoil. Tá cluichí iontacha ar siúl ag rang Cháit agus tá siúlóidí mata eagraithe ag Clíona do pháistí na scoile. Iarrtar ar pháistí na scoile a gcuid súile mata a úsáid le linn na h-ama seo. Bí ag comhaireamh, ag cleachtadh táblaí, ag imirt cluichí boird agus araile. Míle buíochas le Cáit agus Clíona atá ag eagrú na himeachtaí do pháistí na scoile. ☺

**Cartaí Nollag**

Beidh na páistí ag dearadh a gcuid cartaí Nollag arís i mbliana agus beidh deis agaibh iad a cheannach. Is €9 an paicéad a bheas orthu. Beidh siad ar fáil ón scoil go luath.

**Buíochas**

Míle Buíochas le Coiste na dTuismitheoirí, a réitigh clós na scoile d'Oíche Shamhna! Tá cuma thaibhsiúil, thar a bheith spúcaí ar an scoil! Is breá linn é! ☺ Ár míle buíochas le Coiste na dTuismitheoirí a chuireann an oiread oibre isteach inár scoilín álainn, ar son gasúir na scoile.

*Tá súil againn go mbeidh briseadh dheas, síochánta agus SCANRÚIL agaibh ar fad thar an meán téarma! Fan slán agus tabhair aire daoibh féin,*

*Le gach uile deá-ghuí,*

***Éabha & Foireann SNC***



Oíche Shamhna
Shona Daoibh!

**Foirm Cheadaithe Grianghraifeanna**
**Photography Consent Form**

Tá sé de pholasaí ag SNC obair agus buanna do pháiste a chéiliúradh. Mar thoradh ar seo, ba mhaith linn pictiúirí de do pháiste / obair do pháiste a roinnt ar an suíomh idirlíon, ar suíomh Instagram na scoile, Facebook na Scoile, istigh sa scoil, páipéir nuachta náisiúnta / idir náisiúnta, foilsiúcháin áitiúla ar nós Nuachtáin Chonamara Láir agus araile. (Chéad lá/ lá deireanach ar scoil, laethanta spóirt, imeachtaí speisialta, imeachtaí áitiúla, agus araile.)
*It is the school's policy to celebrate your child's work and achievements. As a result, images of your child and his/her work may appear on our website, on the school's Instagram, the school's Facebook, in the school building, in local, national / international newspapers, or in local publications such as Conamara Láir Newsletters, etc. (e.g. first/last day of school, sports days, special occasions, local events, etc).*

I, ____________________ & I, ___________________ (SCRÍOBH AINM / PRINT NAME)

Tuismitheoir / caomhnóir __________________________(SCRÍOBH AINM / PRINT NAME)
*Parent / Guardian of*

(glan amach mar is gá / *delete as appropriate)*

**hereby: tugaim cead / grant permission**

**ní thugaim cead / do not grant permission**

do Scoil Naomh Ciarán grianghraifeanna nó pictiúirí digiteach de mo pháiste(í) a ghlacadh agus a úsáid i bhfoilseacháin nó ábhair clóite, foilseacháin leictreonach, suíomh idirlíon na scoile, taispeántais ranga don fhad is atá sé/sí mar scoláire sa scoil.

*to Scoil Naomh Ciarán to take and use photographs and/or digital images of my child for use in printed publications or materials, electronic publications, school website and classroom displays for the duration of his/her time in the school.*

**SÍNIÚ:** ____________________________

*SÍNIÚ AN TUISMITHEORA/ CHAOMHNÓRA*
Parent / Guardian Signature

**DÁTA:** ______________________________

**SÍNIÚ:** ____________________________

*SÍNIÚ AN TUISMITHEORA/ CHAOMHNÓRA*
Parent / Guardian Signature

**DÁTA:** ______________________________